1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Miontuairiscí Chruinniú Boird de Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)

Dáta: 25 Márta 2024
Am: 4:30 pm
Ionad: Ceannoifig BOOÁCDL & MS Teams

I láthair:
An Clr Charlie O'Connor (An Cathaoirleach), Colm Kilgallon, Daneve Harris, Claire Markey, An Clr John Walsh, An Clr Kate Ruddock, An Clr Cathal Boland, An Clr Michael Clark, An Clr Kazi Ahmed, Anne Genockey, Susan Duffy, Paul McNally, Dara Edward Fitzpatrick, An Clr Mick Duff, An Clr Yvonne Collins, An Clr Pamela Kearns.
Leithscéalta: Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna, Ken Farrell, An Clr Pamela Conroy.
As láthair: An Clr Siobhan Shovlin

I láthair:
Caitríona Murphy, POF; Paul Turner, Stiúrthóir ar Thacaíocht & Forbairt Eagraíochta; Siobhan Lynch, Stiúrthóir Bhreisoideachais agus Oiliúna; Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Claire Keane, Rialachas; Emma Maloney, CP don CSF; Ross Lynam, Oifigeach na bhFoirgneamh, Mairead Walsh; An Príomh-oifigeach Cúnta Gníomhach Airgeadais agus Gillian Doherty, Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca (CIR)

Cáipéisíocht:
Uaslódáilte go Leictreonach

Fáilte
Chuir an Cathaoirleach, an Comhairleoir Charlie O'Connor, fáilte roimh chách chuig an gcruinniú.

1. Leithscéalta/Comhbhrón
Cuireadh comhbhrón in iúl do theaghlach gach ball foirne ar cailleadh duine muinteartha leo ón gcruinniú Boird i Mí Feabhra.

2. Dearbhú Coinbhleachta Leasa
Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

3. Nithe le haghaidh Rún an Bhoird

3.1 Miontuairiscí
Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe a bhí roimhe seo ar an 26 Feabhra 2024.
Beartaithe: Claire Markey, **Tacaithe:** An Clr Mick Duff

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

3.2 Ráiteas Airgeadais Bliantúil

Chuir Mairéad Walsh, an Príomhoifigeach Cúnta Gníomhach Airgeadais, an Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023 faoi bhráid an Bhoird. Chuir Gillian Doherty, Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca (CIR) an Tuarascáil Bhliantúil CIR i láthair don bhord. Ghabh Gillian buíochas ó chroí le Thea Jordan, Claire Keane, an Fhoireann Airgeadais, an Feidhmeannas, agus gach uile bhall foirne as a gcuid oibre agus a gcuid ceannaireachta. Mhol Gillian Doherty don Chathaoirleach an Ráiteas um Rialú Inmheánach a shíniú. Mhol Colm Kilgallon, Cathaoirleach an Choiste Airgeadais glacadh leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB).

Ghabh Paul Turner, Stiúrthóir TFE buíochas le gach cathaoirleach agus le comhaltaí an Choiste Airgeadais mar aon leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca as a gcuid oibre agus a gcuid tacaíochta leanúnach a thugann siad don eagraíocht.

Cheadaigh an Bord glacadh leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023.

Beartaithe: Colm Kilgallon, **Tacaithe:** Claire Markey.

3.3 Ceapacháin Chomhaltaí ar Bhoird Bhainistíochta

Cheadaigh an Bord ceapachán Ann Graves i ról an ionadaí phobail don bhord bainistíochta ar Phobalscoil Náisiúnta an Mhóinéir Leathain.

Beartaithe: Claire Markey, **Tacaithe:** An Clr John Walsh

4. Nithe le tabhairt ar aird ag an mBord

4.1 Comhfhreagras ón Roinn– Ciorcláin – Tugtha ar aird

5 Nithe a Chuir an Fheidhmeannas Isteach

5.1 Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

<u>Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh don Bhord – Márta 2024</u>

Gabh buíochas le gach duine - admhaigh gur féidir leis a bheith deacair ag an am seo gach duine a bhailiú in aon áit amháin ach bí buíoch as tiomantas agus am an Bhoird. Níl ach cúpla cruinniú ag an mBord seo, agus déanfaimid pé rud atá ag teastáil chun sin a éascú.

Gabh buíochas leis na comhaltaí boird a d'fhreastail ar imeachtaí na seachtaine seo caite. Ba mhian liom Príomhoidí nua a fhógairt i gColáiste Pobail Shoird, Aoife Smith, agus Coláiste Pobail Dhomhach Bat. John Doyle.

Is cruinniú rí-thábhachtach é seo don Bhord agus iad ag seachadadh a gcuid Feidhmeanna Forchoimeádta agus beidh an CIR agus Coistí Airgeadais i láthair inniu agus mar sin rithfimid trí chúpla ní ó na Scoileanna agus ó Bhreisoideachas agus Oiliúint ach beimid dírithe ar an TFE agus ar an Ráiteas Airgeadais Bliantiúil agus RRI don chruinniú inniu.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Stiúrthóir Scoileanna– Iarbhunscoile

Cruinnithe le Ceannairí Sinsearacha

Tá cruinnithe i Mí an Mhárta eagraithe agus éascaithe againn do ghréasáin ár bPríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí. Bhí roinnt leasaithe chun dáta le cur i láthair againn, ag cur san áireamh leithdháileadh RSO, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Éiteas, Traenáil Ceann Bliana agus Scéim na Leabhar Scoile. Cuireadh críoch leis an dá chruinniú agus méid ama suntasach tugtha do phlé a éascaíodh idir ceannairí agus iad ag roinnt dea-chleachtas agus a gcuid eispéiris; rud a bhíonn ríthábhachtach go minic in aon chruinniú.

Cuairteanna Scoile

Ó thús mo ról mar Stiúrthóir Scoileanna, tá mé tar éis tús áite a thabhairt do chuairt a thabhairt ar na scoileanna, bualadh leis na foirne sinsearacha ceannaireachta agus an deis a thapú chun bualadh le roinnt ball foirne. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach chun tuiscint a fháil ar an rath agus na dúshláin atá os comhair ár gcuid scoileanna go léir agus chun am a bheith againn lenár gceannairí sinsearacha. Tá mé tar éis cuairt a thabhairt ar aon scoil déag go dtí seo agus tá mé ag tnúth le cuairt a thabhairt ar na 20 scoil atá fágtha roimh shaoire an tsamhraidh.

Scoil Samhraidh do Mheáncheannairí

Ta BOO Éireann (BOOÉ) ag eagrú a tríú Scoil Samhraidh do Mheáncheannairí an Meitheamh beag seo, in Ollscoil Luimnigh. Bhí an chéad dá imeacht thar a bheith rathúil. Soláthraíonn sé deis do mheáncheannairí ó na 16 BOO go léir teacht le chéile, foghlaim le chéile agus dea-chleachtas a roinnt. Cuireadh an próiseas iarratais chuig gach Príomhoide. Is minic a bhíonn ró-éileamh ar seo sa BOOÁCDL agus táimid ag súil le líon maith mheáncheannairí a thabhairt linn arís i mbliana. Tá mé ar choiste eagrúcháin na hócáide seo le trí bliana anuas agus tá cur i láthair déanta agam ag an dá cheann freisin.

Stiúrthóir BOO

Gradam Alumni Sheachtain BOO

Reáchtáil an BOOÉ comórtas Alumni mar chuid de sheachtain BOO 2024.D'ainmnigh an BOOÁCDL Carolina Vintnem mar an iar-fhoghlaimeoir BOO ar mhaith leo onóir a bhronnadh ag an ócáid náisiúnta ar an 14 Márta.

Tháinig Carolina go hÉirinn ó Angóla gan Béarla ar bith aici agus is céimí í de chuid soláthair teanga Béarla sa tSeirbhís Oideachais Aosaigh i mBaile Brigín. Chuaigh sí ar aghaidh chuig an Ardoideachas chun céim a bhaint amach agus lean sí uirthi chun daoine eile a mhúineadh, foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste ach go háirithe, tríd an tSeirbhís Oideachais Aosaigh i mBaile Brigín. Bhí triúr páistí ag Carolina freisin agus d'fhreastail beirt acu ar Choláiste Pobail Bhaile Brigín agus tá siad anois ag staidéar sa Choláiste Ollscoile, BÁC.
D'ainmnigh BOOÁCDL Carolina don Ghradam Alumni toisc gur léiriú iontach í ar an gcaoi ina soláthraíonn an BOO droichead d'fhoghlaimeoirí agus a dteaghlaigh chuig féidearthachtaí nua.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Lainseáil oifigiúil na Comhghuaillíochta Litearthachta Réigiúnaí agus an Phlean Litearthachta Réigiúnaigh

Tugann an Chomhghuaillíocht Litearthachta Réigiúnach geallsealbhóirí éagsúla, eagraíochtaí, agus baill den phobal le cheile chun dul i ngleic le dúshláin litearthachta laistigh de réigiún BOOÁCDL. Bunaíodh an Chomhghuaillíocht déanach in 2023 agus tá siad ag obair leis an mBOO i mBOOÁCDL chun feabhas a chur ar rátaí litearthachta, foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn, agus cur le rochtain ar áiseanna oideachais.

Is eochairthosaíochtaí iad bunú na Comhghuaillíochta Litearthachta Náisiúnta agus forbairt Phlean Litearthachta Réigiúnach i Straitéis Litearthachta 10 mBliana - Litearthacht Náisiúnta d'Aosaigh ar feadh a saoil agus bhí BOOÁCDL mar an chéad BOO sa tír a lainseáil a bPlean Litearthachta Réigiúnach an tseachtain seo caite.

Ghlac BOOÁCDL leis an deis chun an t-ionad BOO is déanaí a oscailt go hoifigiúil i Sord ar an lá céanna. Ócáid álainn a bhí ann agus gabhaimid buíochas le baill Boird BOOÁCDL a bhí i láthair.

Dearbhú Cáilíochta

I ndiaidh ár bpróiseas athbhreithnithe tionscnaimh in 2022, fuair BOOÁCDL tuarascáil le 24 ardmholadh agus 17 moladh. Ón tuarascáil sin, d'fhorbraíomar Plean Gnímh 2023-2026, le 54 gníomh chun dul i ngleic leis na 17 moladh sin. Chuir BOOÁCDL ár gcéad tuarascáil iar-iniúchta isteach an deireadh seachtaine seo caite agus as na 54 gníomh a d'aithníomar, táthar faoi bhealach nó táthar tar éis críoch a chur le 51 díobh. Léirítear an obair dochreidte atá foireann na Dearbhaithe Cáilíochta BOO tar éis tabhairt faoi nó ar thug siad tacaíocht do dhaoine eile tabhairt faoi sa tuarascáil iar-iniúchta chuig an Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann le bliain anuas.

<u>Stiúrthóir TFE</u>

De réir an Chóid Chleachtais do Rialachas BOOanna, ba cheart don bhord tabhairt faoi mheastóireacht bhliantúil féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a choistí boird. Fuair gach comhalta Boird agus Coiste cuireadh le déanaí chun foirm féinmheasúnaithe a chomhlánú. Cuireadh an dáta deiridh don fhéinmheasúnú siar chuig an am scoir gnó Déardaoin an 28 Márta. Táimid ag tnúth leis na measúnuithe críochnaithe a fháil agus oibriú leis an gCathaoirleach chun gníomhú ar thorthaí na meastóireachta feidhmíochta seo.

Ó thaobh dearcadh Rialachais de, tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile ar an 13 Márta agus cheadaigh siad an Ráiteas ar Rialú Inmheánach (RRI) 2023. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ar an 21 Márta agus cheadaigh siad an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB). Ritheadh ár gcruinniú Rialachais inmheánaigh ar an 11 Márta. Chuir an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AII) tús le hiniúchadh a dhéanamh ar ár Soláthraithe Sainoiliúna (SS) ar an 4 Márta. Cuirfear tús le hiniúchadh AII a dhéanamh

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

ar Sheirbhísí Óige ar an 8 Aibreán. Tá tús curtha ag an AR&CC leis an iniúchadh ar chuntais 2022 agus táthar ag súil go gcríochnófar iad i R2. Athbhreithniú ar chlár riosca R1 atá sceidealaithe don 27 Márta.

Cuireadh an Plean Seirbhíse 2024 faoi bhráid na Roinne Oideachais ar an 1 Márta.

Tá BOOÁCDL ag comhoibriú le Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais ar threoirlínte teicniúla don chóras airgeadais fabhraithe a cuirfear ar tairiscint déanach in 2024.

Reáctálfar Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) Árachas IPB 2024 in Óstán Gibson, Cearnóg an Phointe, An Duga Thuaidh Baile Átha Cliath, D01X2P2, ar an Aoine an 3 Bealtaine 2024, ar a dó dhéag a chlog, meán lae.

Tá BOOÁCDL tar éis tús a chur le forbairt na Tuarascála Bliantúla 2023 agus táimid ag tnúth le seo a chur faoi bhráid an Bhoird le faomhadh a fháil le linn chruinniú boird mhí na Bealtaine.

5.2 Tuarascáil Airgeadais

Cuireadh tuarascáil airgeadais ar fáil i bpacáiste an Bhord roimh an gcruinniú agus luaigh an Bord sin.

5.3 Tuarascáil Foirgneamh

Cuireadh tuarascáil foirgneamh ar fáil i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus luaigh an Bord sin.

Ghlac Ross Lynam le ceisteanna ón mBord maidir le tuarascáil foirgneamh na míosa seo.

Ghabh an Clr Pamela Kearns buíochas le Ross agus an fhoireann fhoirgneamh as an obair go léir a rinne siad ar Choláiste Pobail Naomh Caoimhín.

Ghabh an Clr John Walsh buíochas le Ross agus an fhoireann fhoirgneamh as an obair a rinne siad ar Choláiste Pobail Chaisleán Cnuacha (CPCC). Tá iarratas ar oibreacha éigeandála chun díon an CPCC a dheisiú fós ag dul ar aghaidh agus táimid ag tnúth le huasdátú ar dhul chun cinn a sholáthar ag Cruinniú Boird Mhí na Bealtaine.

Tá BOOÁCDL ag fanacht le cruinniú leis an Roinn Oideachais chun plé a dhéanamh ar mháistirphlean do shuíomh Naomh Fhíonáin.

Tá BOOÁCDL ag fanacht ar dheimhniú deiridh maidir leis an gceannachán suímh Pobalscoil Náisiúnta Ghleann na hAbhann.

Buailfidh BOOÁCDL leis an Roinn Oideachais i dTulach Mhór ar an 28 Márta maidir le Pobalscoil Náisiúnta an Mhóinéir Leathain.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Clúdóidh Clár Oibreacha an tSamhraidh na deisiúcháin ar dhíon Naomh Mac Dara, agus osclófar iarratais ar an scéim seo sna seachtainí atá amach romhainn. Tá BOOÁCDL ag fiosrú roghanna freisin chun painéil ghréine a shuiteáil ar dhíon na scoile seo ach ní féidir le seo tarlú go dtí go gcuirfear críoch leis na deisiúcháin.

5.4 Próifíl Foirne
Ar scor - luaite.

5.5 Beartais - luaite
Clár Riosca - luaite

6 Nithe a Chuir an Bord Isteach
Cuntas Gníomhaíochta

7 An Chéad Chruinniú Eile
Dé Luain an 20 Bealtaine 2024 @ 4.30 pm.